Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

Chuig: Údaráis na nIarbhunscoileanna **S83/16**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017
OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL (OSSP)

TUAIRISC AR THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA
LEABHAR MEASÚNAITHE OBAIR CHÚRSA

Tá cuntas sa chiorclán seo ar na socruithe i gcomhair chur i láthair agus mheasúnú na bhfreagarleabhar pro-forma. Is cóir an ciorclán seo a léamh i gcomhthéacs na gciorclán S68/08 agus S69/04 ina leagtar amach polasaí agus cleachtas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) maidir le measúnú obair chúrsa phraiticiúil sna scrúduithe teistiméireachta. Tá cóipeanna de na ciorcláin sin le fáil ar shuíomh gréasáin CSS, www.examinations.ie.

ÚSÁID NA bhFREAGARLEABHAR PRO-FORMA
Ní mór d'iarrthóirí atá ag cur isteach Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta nó Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa, iad a chur isteach ar an bhfreagarleabhar pro-forma cuí a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil. Is é an teideal atá orthu sin ná *Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta* agus *Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa*. **NÍ EISEOFAR FREAGARLEABHAIR BHREISE ACH AR IARRATAS SA RÍOMHPHOST CHUIG projectbooklets@examinations.ie. Ní chuirfear amach a thuilleadh freagarleabhar tar éis 31 Nollaig 2016.**
Tugtar do bhur n-aire go bhfuil leabhrán samplach ar fáil ar an suíomh gréasáin againn is féidir a chóipeáil anuas **mar mhaithe le cleachtadh amháin**. Déan deimhin de nach mbainfear úsáid as le hobair a chur isteach chuig CSS nó measfar an obair a bheith neamhbhailí. Is féidir an leabhrán samplach a chóipeáil anuas ó rannóg an OSSP ar an suíomh gréasáin ag www.examinations.ie/Eolas faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticiúil.

Ní cóir d'aon iarrthóir níos mó ná cóip AMHÁIN den Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta nó cóip AMHÁIN den Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a chur isteach ar an scrúdú.

Ní mór gach Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta nó Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a chur isteach ar na freagarleabhair pro-forma a chuireann CSS ar fáil. Ba chóir na freagarleabhair pro-forma a bheith comhlánaithe faoi 28 Aibreán 2017. Iarrtar ar na hiarrthóirí gan ábhar breise a chur isteach in éineacht leis na freagarleabhair pro-forma. Ní bhronnfar marcanna breise ar bith as a leithéid d'ábhar breise.

Ní mór d'údaráis na scoileanna a dhearbhú ar fhoirm P2, a chuirfidh CSS ar fáil níos gaire don spriocdháta, gurb í obair phearsanta an iarrthóra féin atá sa Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta nó sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa atá á chur isteach. Ní ghlacfar le haghaidh measúnachta aon Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta ná aon Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa nach bhfuil P2 in éineacht leis. Ba chóir do na múinteoirí monatóireacht rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí. Tá cead ag iarrthóirí Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh mar ghrúpa ach cuirtear ar a súile dóibh gur **obair indibhidiúil an iarrthóra a chaithfear a scríobh sa fhreagarleabhar pro-forma**.

Déanfar fiosrúchán iomlán i gcás ar bith ina bhfuiltear san amhras maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó pháirtí eile, bradaíl, nó soláthar píosaí oibre a d'ullmhaigh páirtí eile. Is cóir a chur in iúl d'iarrthóirí cad iad na pionóis is féidir a ghearradh faoi na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna. De réir na bpionós seo, is féidir go gcaillfeadh iarrthóirí an t-ábhar, go gcaillfidís an scrúdú iomlán i ngach ábhar nó go gcoiscfí orthu na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta amach anseo.

Is cóir don scoil na cóipeanna den Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta nó den Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a choinneáil go dtí go dtabharfar treoir dóibh faoi na socruithe measúnachta.

Tugtar do bhur n-aire nach mbronnfar marcanna bónais as Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta ná as Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a chomhlánú trí mheán na Gaeilge, mar a tharlaíonn i gcás gach scrúdú eile ina bhfuil comhpháirteanna a chuirtear i gcrích taobh amuigh den scrúdú scríofa foirmiúil.

RIACHTANAIS AN TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA
Is cóir don Tionscadal Gníomhaíochta:

- a bheith bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na seacht gcoincheap ar an gcúrsa
- tuiscint a léiriú ar chearta daonna agus ar fhreagracht shóisialta atá ag teacht le peirspictíocht an OSSP
- comhpháirt ghníomhaíochta a bheith ann
- an mac léinn a chumasú agus a spreagadh:
    - chun plé / cumarsáid a dhéanamh le daoine nó le pobail eile
    - chun na scileanna a bhaineann le hOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil a chleachtadh
    - chun a c(h)uid eolais agus tuisceana ar ábhar na gníomhaíochta a fhorbairt
- gné mhachnaimh agus luachála a bheith ag baint leis.

NA MARCANNA SAN OSSP
Uasmhéid 200 marc a bhronnfar san OSSP. Uasmhéid 120 marc a bheidh ag gabháil leis an Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta nó leis an Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa, agus uasmhéid 80 marc a bheidh ag gabháil leis an bpáipéar scríofa. Agus na marcanna á ndáileadh ar na trí roinn sa pháipéar scríofa, cloífear go dlúth leis an dáileadh a rinneadh sna scrúdpháipéir sna blianta roimhe seo. Beidh an fhormáid, an leagan amach agus rogha na gceisteanna sa pháipéar scríofa ar aon dul leis na blianta roimhe seo. Déanfar an scrúdú a reáchtáil ar leibhéal comónta i gcónaí agus beidh dhá pháirt ann:

Páirt 1 Scrúdú scríofa cinn chúrsa (40%)

Páirt 2 Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta ***NÓ*** Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa (60%)

ÚSÁID CAISÉAD FUAIME/FÍSE, DLÚTHDHIOSCA, DVD
Iarrtar ar iarrthóirí a chuireann isteach Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta i bhfoirm caiséad fuaime, dlúthdhiosca nó DVD, leas a bhaint as caiséad nó diosca nár úsáideadh cheana. Iarrtar ar iarrthóirí a chuireann isteach Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta ar chaiséad físe leas a bhaint as téip chaighdeánach VHS nár úsáideadh cheana. Idir 4 nóiméad agus 6 nóiméad ar a mhéad is cóir a bheith in aon tuairisc fuaime nó físe nó dhigiteach a chuirtear isteach mar Thuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta. Níor chóir d'iarrthóirí Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta a chur isteach i scríbhinn má chuireann siad isteach Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta ar chaiséad fuaime nó físe nó ar dhlúthdhiosca nó DVD. Ní mór do na hiarrthóirí a bhaineann leas as formáid fuaime, físe nó dhigiteach na ceannteidil a thugtar sna freagarleabhair pro-forma a úsáid mar leanas:

- Tuairisc Fuaime (Labhraíonn an mac léinn a t(h)uairisc ar chaiséad fuaime nó ar dhlúthdhiosca nár úsáideadh cheana, agus é/í ag úsáid na gceannteideal as an leabhrán pro-forma don Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta.)
- Tuairisc Físe / Dhigiteach (Labhraíonn an mac léinn a t(h)uairisc leis an gceamara, é/í ag taifeadadh ar chaiséad físe VHS nó ar DVD nár úsáideadh cheana, agus é/í ag úsáid na gceannteideal as an leabhrán pro-forma don Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta.)

Iarrtar ort an ciorclán seo a chur ar a súile do na múinteoirí agus do na mic léinn lena mbaineann sé. Tá an ciorclán seo ar fáil freisin ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie. Má tá ceist ar bith agat faoi seo, déan teagmháil, le do thoil, le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar na folínte (090) 644 2741, 644 2742, 644 2745.

Robert Cornally
Oifigeach Feidhmiúcháin
Deireadh Fómhar 2017.